



# An Phríomh-Oifig Staidrimh Central Statistics Office

## Preasráiteas Press Statement

### An Suirbhé Ráithiúil Náisiúnta ar Theaghlaigh Ráithe 4 2016

#### LÁNCHOSC: Ná scaoiltear roimh 11.00rn 21 Feabhra 2017

- ◆ Ardú 3.3% (65,100 duine) tagtha ar líon na bhfostaithe le linn na bliana go R4 2016
- ◆ Laghdú 21.4% (40,000 duine) tagtha ar líon na ndaoine dífhostaithe go 147,400 duine le linn na bliana go R4 2016
- ◆ Tháinig laghdú ar an ráta dífhostaíochta coigeartaithe de réir séasúir ó 7.8% in R3 2016 go 7.1% in R4 2016

Tá an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) tar éis torthaí a eisiúint inniu (21ú Feabhra 2017) ón Suirbhé Ráithiúil Náisiúnta ar Theaghlaigh (QNHS) do Ráithe 4 2016. Léirítear sa tuairisc seo na torthaí do R4 2016 taobh le sonraí inchomparáide do bhlianta roimhe seo.

Ag tagairt don eisiúint, deir Jim Dalton, Staitisteoir: “Is é an QNHS an foinse oifigiúil sonraí maidir le fostaíocht agus dífhostaíocht in Éirinn.

Léiríonn na príomhthorthaí do R4 2016 gurbh ionann líon na bhfostaithe iomlán agus 2,048,100, méadú de 3.3% nó 65,100 duine i gcomparáid leis an ráithe céanna in 2015. Le coigeartú déanta de bharr tionchair shéasúracha, tháinig méadú 0.8% nó 16,700 duine ar líon na ndaoine i bhfostaíocht ó R3 go R4 in 2016.

Bhí 147,500 duine dífhostaithe ann i R4 2016, laghdú de 21.4% (ionann le 40,000 duine) ó bhí R4 2015 ann. Coigeartaithe de réir séasúir, tháinig laghdú ar an ráta dífhostaíochta ó 7.8% go 7.1% le linn na ráithe. B’ionann an líon daoine dífhostaithe don ráithe is déanaí seo, coigeartaithe de réir séasúir, agus 154,900 – an líon ba lú ó bhí R2 2008 ann, tráth a raibh figiúr inchomparáide de 127,200 duine.

B’ionann le dífhostaíocht fhadtéarmach, a shainítear mar an líon daoine dífhostaithe ar feadh bliana nó tréimhse níos faide ná sin, agus 54.0% den dífhostaíocht iomlán i R4 2016, i gcomparáid le sciar 54.5% an am céanna bliain roimhe sin.

Ar deireadh, is ionann an líon daoine atá sa lucht saothair agus 2,195,600 duine, méadú 1.2% nó 25,100 duine ó bhí R4 2015 ann. Tá 1,459,300 duine nach bhfuil sa lucht saothair, méadú 0.8% nó 11,200 ón tréimhse chéanna bliain roimhe sin.”

#### Achoimre ar thorthaí ceannlíne

Príomhthorthaí	Ráithe 4 2016	Athrú bliantúil
Fostaithe	2,048,100	+65,100
Dífhostaithe	147,400	-40,000
Sa Lucht Saothair	2,195,600	+25,100
Gan a bheith sa lucht saothair	1,459,300	+11,200

Tuilleadh/...



An Phríomh-Oifig Staidrimh  
Bóthar na Sceiche Airde  
Corcaigh  
T12 X00E  
Éire

Oifig i mBaile Átha Cliath  
+353 1 4984000

Central Statistics Office  
Skehard Road  
Cork  
T12X00E  
Ireland

Dublin Office  
+353 1 4984000

Íosghlao 1890 313 414 (Éire)  
0870 876 0256 (RA/TÉ)  
+353 21 453 5000  
+353 21 453 5555

eolas@cso.ie  
www.cso.ie/en/baile/

**Nóta d'Eagarthóirí**

<http://www.cso.ie/en/releasesandpublications/er/qnhs/quarterlynationalhouseholdsurveyquarter42016/>

Saincheisteanna:

Jim Dalton, Anailís um an Margadh Saothair - 021-453 5623

Martina O'Callaghan, Anailís um an Margadh Saothair - 021-453 5491

Ríomhphost: [labour@cso.ie](mailto:labour@cso.ie)

*An Phríomh-Oifig Staidrimh*

*21 Feabhra 2017*

**– CRÍOCH –**